

# Scéimrí na bpáistí

## Ceangail le hAistear agus le Síolta

### Aistear

Téamaí: Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid, Taiscéalaitocht agus Smaointeoireacht

Treoirlínte le haghaidh Dea-Chleachtais: Ag tacú le foghlaim agus le forbairt trí mheasúnú (pp.72-102)

### Caighdeán Síolta

1: *Ceartha an Linbh*, C1.1, 1.2, 1.3

6: *Spraoui*, C6.7

7: *Curaclam*, C7.2, 7.6

*Achoimrí* ceangailte leis na *Caighdeáin* thuas

## Céard is scéimre ann?

**A schema is a repeated pattern of behaviour, actions or thinking.**

Scéimre is ea patrún rialta iompraíochta, gníomhaíochtaí nó smaointeoireachta.

Is bealach iad scéimrí le tuiscint a fháil ar an gceangal idir smaointe agus gníomhaíochtaí páistí. Má bhreathnaímid ar pháistí go cúramach, is léir go mbíonn snáithe coiteann le sonrú trína ngníomhaíochtaí. Nuair a bhíonn fonn ar pháiste gníomhaíocht, cluiche nó sraith eispéireas áirithe a dhéanamh, mar shampla, míreanna a chaitheamh uathu nó rudaí a chur i líne, b'fhéidir go bhfuil bunchoincheap á oibriú amach aige/aici nó go bhfuil iniúchadh á dhéanamh aige/aici air. D'fhéadfadh sé seo a bheith gearrshaolach, nó d'fhéadfadh sé leanúint ar aghaidh ar feadh tamaill.

## Cén chuma atá ar scéimrí i gcleachtas?

Má thacaítear le foghlaim na bpáistí ach breathnú ar agus tacú lena scéimrí, cabhraíonn sé le meonta dearfacha a fhorbairt le haghaidh foghlama; fiosracht, neamhspleáchas agus buanseasmhacht ina measc.

Tá an **scéimre conaire** ar cheann de na scéimrí is luaithe a d'fhéadfaí breathnú air. Nuair a bhogann leanaí a lámha agus a gcosa ar bhealaí difriúla, agus nuair a shíneann siad a lámha amach chun rudaí a fháil, tá an cumas atá acu gluaiseacht agus tionchar a bheith acu ar an domhan mórthimpeall orthu á fhiosrú acu. Déanfaidh siad gníomhaíochtaí arís agus arís eile, mar shampla, b'fhéidir go mbeidh tréimhse ann ina gcaitheann siad rudaí uathu le go bpiocfadh daoine fásta suas iad. Nuair a thuigimid go bhfuil eolas á shealbhú ag an leanbh trí na gníomhaíochtaí seo, is féidir linn páirt a ghlacadh sa chluiche agus tuiscint go bhfuil sé tábhachtach dá bhforbairt.

D'fhéadfadh páistí triail a bhaint as an ngníomhaíocht chéanna ar bhealaí éagsúla agus le rudaí difriúla, mar shampla, is samplaí iad na gníomhaíochtaí seo a leanas de scéimre casaidh; bheith ag spraoi le bréagáin a bhfuil rothaí orthu, casadh, rith nó dul thart i gcorcal ar rothair, ciorcail nó bíseanna a phéinteáil nó breathnú ar na héadaí casadh thart sa mheaisín níochnáin.

Is féidir le páistí roinnt scéimrí nó scéimre amháin a léiriú am ar bith. D'fhéadfadh roinnt páistí a lán ama a chaitheamh ag obair ar scéimre inbhraite amháin, ach cuireann páistí eile roinnt scéimrí le chéile. Mar shampla, d'fhéadfadh scéimre **conaire** agus scéimre **iompair** a bheith á bhfiosrú ag lapadáin atá meáite ar rudaí a bhogadh ó áit go háit agus ar bharaí rotha nó náichóistí a bhrú thart.

## Ról an duine fásta maidir le scéimrí a aithint agus tacú leo

Baineann cuid ríthábhachtach de ról an duine fásta ó thaobh scéimre a aithint agus tacú leis an scéimre sin le breathnú; breathnú ar pháistí agus iad ag spraoi, labhairt leo, breathnú ar an bhfáth a bhfuil spéis acu ann agus ar cad atá á dhéanamh acu, go háirithe i rith gníomhaíochtaí atá faoi stiúir an pháiste. Déan do mhachnamh ar na rudaí a fheiceann tú, pléigh le cleachtóirí agus tuismitheoirí eile agus déan cinneadh maidir leis an gcaoi is fearr le tacú le scéimre páiste.

Seans go nglacfaidh sé am an scéimre ar a bhfuil an páiste ag obair a aithint. Mar shampla, má bhreathnaímid ar pháiste agus é/í ag spraoi le traenacha, caithfimid breathnú go géar chun a bhfuil ag tarlú agus na smaointe a d'fhéadfadh a bheith á bhfiosrú ag an bpáiste ag an am a fheiceáil. An bhfuil na traenacha á gcur i línte nó á sórtáil de réir méide ag an bpáiste? An ndéanann an páiste é seo i gcomhthéacsanna eile nó le rudaí eile seachas traenacha? B'fhéidir go dtugann sé seo le fios go bhfuil an páiste ag oibriú ar scéimre conaire, agus d'fhéadfaimis smaoinemh ar thacaí agus ar acmhainní a chur ar fáil chun tacú leis sin. An mbaineann an páiste taitneamh as rudaí a chur i mboscaí, nó iad a chlúdach? An maith leis an bpáiste é/í féin a chlúdach i bpluideanna, dul i bhfolach i mboscaí, i bpluaiseanna nó i bpubaill? Tugann sé seo scéimre clúdaithe le fios agus b'fhéidir go bhfiosróimis an leid sin.

Nuair a bhreathnaímid ar pháistí, nuair a aithnímid an scéimre ar a bhfuil siad ag obair agus nuair a chuirimid acmhainní agus eispéiris ar fáil chun cabhrú leo oibriú tríd an bpatrún iompraíochta agus smaointeoireachta seo, tacaímid le forbairt agus le foghlaim inchinne.

## Roinnt scéimrí coitianta

Tá liosta de scéimrí coitianta agus liosta d'ábhair, a threiseoidh agus a fheabhsóidh spraoi agus foghlaim na bpáistí maidir le gach scéimre, le feiceáil thíos. Tasc suimiúil don duine fásta is ea cinnte a dhéanamh de go bhfuil an timpeallacht spéisiúil agus éagsúil agus go bhfuil go leor ábhair neamhiata aici. Tá sé tábhachtach míreanna atá oiriúnach agus sábháilte don aoisghrúpa a roghnú, áfach, agus acmhainní á roghnú agat chun tacú le scéimrí páistí. Oirfidh cuid de na moltaí thíos do gach duine, beidh moltaí eile níos oiriúnaí do linbh agus do lapadáin agus beidh cuid acu oiriúnach do pháistí idir trí agus sé bliana d'aois.

## Conaire:

Páistí gur breá leo línte a dhéanamh. Rudaí a chaitheamh uathu arís agus arís eile, carranna nó trucaílí a chur i línte, liathróidí a phreabadh, léim agus rith, línte a tharraingt nó a phéinteáil.

*Le cur ar fáil: míreanna a d'fhéadfá caitheamh uait ó airde - eochracha, bréagáin bheaga, carranna, trucaílí agus míreanna a d'fhéadfá cur i línte, acmhainní marc-chruthaithe, céimeanna, liathróidí le caitheamh agus preabadh, cipíní, bloic, píobáin, ribíní.*

## Ceangail:

Páistí gur breá leo rudaí a cheangal dá chéile. Rudaí a cheangal dá chéile le holann agus le téip, seiteanna maighnéadacha traenach, téada scipeála, bloic a cheanglaíonn dá chéile nó píobáin a cheanglaíonn le sconnáí.

*Le cur ar fáil: Duplo/Lego, Stickle Bricks, maighnéid, cnónna agus boltaí, míreanna mearaí, ráillí traenach, gliú, réiteoirí píopa, rollóirí Velcro, laistí agus fáiscíní, téip agus taos súgartha.*

## Iompair:

Páistí gur breá leo rudaí a bhogadh ó áit amháin go háit eile. Bugaithe a bhrú, carranna agus trírothaigh, baraí rotha.

*Le cur ar fáil: baraí rotha, bugaithe, tralaithe, rothair, leantóirí, cásanna agus málaí, buicéid agus ciseáin.*

## Casaidh:

Páistí a dtaitníonn rudaí a chasann leo. Lanna fean, liáin, rothaí, ciorcail, cailéideascóip nó caisil.

*Le cur ar fáil feithiclí a bhfuil rothaí orthu, clúdaigh chrúscaí, ciorcail, rothaí taosráin, rothaí uisce agus míreanna a bhfuil diaileanna orthu (seanraidió, cloig nó tóstaeir).*

## Clúdaithe:

Páistí gur breá leo rudaí a chlúdach. Bábóga atá clúdaithe i bpluideanna, míreanna atá curtha i málaí, míreanna atá clúdaithe in éadaí, i gciarsúir pháipéir agus i bpáipéar, málaí codlata agus rudaí atá curtha i ngaineamh nó in ithir.

*Le cur ar fáil: fabraic, páipéar, málaí, boscaí, téip ghreamaitheach, carn duilleog, gaineamh, cré, boinn, pubaill, bábóga neadaithe agus ábhair eile den chineál céanna do pháistí chun míreanna a chlúdach agus a chur.*

## Timpeallaithe:

Páistí gur breá leo sconsaí a dhéanamh le cur timpeall ar rudaí nó gur maith leo sconsaí a chur thart orthu féin. Ainmhithe bréige i bpáirceanna nó i gclóis a bhfuil geataí acu, coimeádáin le líonadh agus bloic a úsáidtear chun ballaí agus clóis a dhéanamh.

*Le cur ar fáil: bloic, cláir, píopaí, geataí beaga miotail ó fheirmeacha bréige, boscaí, téada scipeála, boird, pluideanna agus taos súgartha do pháistí chun locaí agus clóis a dhéanamh do mhíreanna nó dóibh féin.*